THE DIGITAL HUB

## Réamheolas

Tá léirithe spéise á lorg ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí nó ó chuibhreannais a bhfuil taithí chuí acu agus ar mian leo iarratas a dhéanamh, faoi phróiseas tairisceana poiblí, ar léas a thógáil ar **An Banc ag An Mol Digiteach** le haghaidh úsáidí a thagann le fís, misean agus cuspóirí an Mhoil Dhigitigh.

Sa doiciméad seo leagtar amach stair agus úinéireacht an fhoirgnimh, an úsáid a bhaintear as faoi láthair, agus próiseas tairisceana poiblí an DHDA do An Banc.



## Stair An Bhainc ag 85 Sráid San Séamas, An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8, D08 C2PR

Osclaíodh foirgneamh an Bhainc sa bhliain 1853 mar bhrainse de Bhanc Taisce Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Banc Gheata San Séamas freisin, díreach os comhair gheata cáiliúil Guinness ar Shráid San Séamas i gceantar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath 8.

Fuair Guinness léas ar an suíomh sna 1890í agus d’athraigh siad ina sheomra feithimh do chuairteoirí ar an ngrúdlann é. Is mar sin a luaitear in Ulysses é nuair a chas an ceannaí tae Tom Kernan "and walked down the slope of Watling Street by the corner of Guinness’s visitors’ waiting room”.

Níos déanaí sa 20ú haois, is i mbun baincéireachta a chuathas sa bhfoirgneamh uair eile nuair a thóg Banc na hÉireann ar léas é sa bhliain 1976. Ina dhiaidh sin tháinig an foirgneamh faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol

Digiteach, nuair a bhí campas an Mhoil Dhigitigh á bhunú sa bhliain 2001. In 2022, nuair a ghéill Banc na hÉireann a léas, chuaigh an foirgneamh go hiomlán ar ais chuig an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. I ndiaidh roinnt oibre chun landairí inmheánacha agus síleálacha bréige a bhaint, tosaíodh ar úsáid a bhaint as an bhfoirgneamh mar ghailearaí agus spás d'imeachtaí i mBealtaine 2023.

I gcaitheamh na dtrí bliana seo caite bhí **An Banc ag an Mol Digiteach** mar óstach ag na mílte cuairteoirí ar thaispeántais ealaíne, dearaidh agus ghrianghrafadóireachta, ar léirithe ceoil agus amharclannacha, ar chomhdhálacha, ranganna agus ceardlanna, chomh maith le cruinnithe agus imeachtaí gnó agus cleachtaí ag príomhchomhlachtaí amharclannaíochta na hÉireann. Rinneadh ionad d'imeachtaí le linn féilte áitiúla de freisin, imeachtaí ar nós Culture Date with D8 i mí na Bealtaine, Féile na Saoirsí i mí Iúil, chomh maith leis an Beta Festival of Art and Technology i mí na Samhna.



Is é an ghné is sainiúla ar an taobh istigh den bhfoirgneamh ná an halla baincéireachta bunaidh. Ó 2023, cuireadh leis seo le painéil chun airíonna fuaime an spáis a fheabhsú. Ag an am céanna rinneadh an t-urlár a chothromú agus cuireadh bailchríoch láidir marmoleum air. Cuireadh isteach soilsiú LED mar aon le teitheoirí spáis atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de.

Tá cead d'uasmhéid 50 duine a bheith sa bhfoirgneamh ag aon am ar bith mar níl ach aon bhealach éalaithe tine amháin ann.

Tá tuilleadh oibre déanta chun inrochtaineacht an fhoirgnimh a fheabhsú le rampa nua ar an taobh amuigh agus leithreas inrochtana ar urlár na talún.

***Tá teacht ar thoisí iomlána agus leagan amach an fhoirgnimh ar líne ag:***
***DHDA - The Bank***

***Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin an Mhoil Dhigitigh:***
https://thedigitalhub.com/explore/workspaces/#thebank

## An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA)

Bunaíodh an Ghníomhaireacht le hAcht den Oireachtas sa bhliain 2003 mar Ghníomhaireacht de chuid Rialtas na hÉireann agus mar shainordú aige athnuachan uirbeach, forbairt eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath 8 agus níos faide i gcéin. I ndiaidh chinneadh ón Rialtas an Ghníomhaireacht a dhíscaoileadh i mí Aibreáin 2021, tá cuid mhór de phunann réadmhaoine an DHDA á aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún mar chuid de thionscadal Chrosaire Chrann Piorraí, tionscadal a thabharfaidh suas le 550 aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Mar sin féin, tá deich bhfoirgneamh oibríochta arb ionann iad agus campas an Mhoil Dhigitigh, An Banc san áireamh, mar aon le foireann agus conraitheoirí an DHDA, le haistriú mar aonad speisialta chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC). Leanfaidh an t-eintiteas nua de chuid DCC seo, a nglaofar An Mol Digiteach air i gcónaí, leis an ngnó mar is gnáth sa mhéid go gcuirfear spásanna oifige ar fáil don 60 comhlacht agus eagraíocht bhall mar aon le spásanna imeachtaí do raon leathan úsáidí pobail, chomh maith le cláir oideachais agus chomhpháirtíochta amhail Smart D8. Leathnóidh sé a chúram freisin trí chuidiú leis an gComhairle réadmhaoin de chuid DCC i lár Bhaile Átha Cliath a athbheochan.

## Léirithe Spéise á Lorg

Tar éis An Banc ag An Mol Digiteach a oibriú ar feadh trí bliana mar atá sé i láthair na huaire, níl aon amhras ach go gcuireann an foirgneamh seo, atá suite in áit shuntasach, saoráid fhíor-speisialta ar fáil sa chuid seo de Bhaile Átha Cliath. Rinneadh ionaid tráchtála de go leor iarfhoirgnimh bhainc eile ach is é rogha An Mhoil Dhigitigh ná go leanfaí den bhfoirgneamh a úsáid mar acmhainn don phobal ina n-óstáiltear gníomhaíochtaí a théann chun tairbhe don phobal áitiúil agus cur le Baile Átha Cliath 8 mar cheann scríbe ag an am céanna.

Tá an DHDA ag iarraidh a fhiosrú anois an mbeadh suim ag eagraíocht nó ag duine aonair a bhfuil na cuspóirí seo acu léas a thógáil amach ar an bhfoirgneamh a mhairfidh ar feadh trí bliana i dtús báire. Bheadh an eagraíocht seo freagrach as clár gníomhaíochtaí poiblí a chur ar fáil sa bhfoirgneamh.

D'fhéadfadh ceol, ealaín, taibhléiriú, teicneolaíocht, nuálaíocht, miondíol agus tuilleadh a bheith i gceist leis seo. Is é cuspóir an DHDA ná tionónta oiriúnach, speisialaithe, a bhfuil taithí acu a aimsiú don Bhanc, a chuirfidh le próifíl an fhoirgnimh agus a chinnteoidh go gcuirfear gníomhaíochtaí ar siúl go seasta atá ag teacht le cuspóirí straitéiseacha agus le branda An Mhoil Dhigitigh.

Féadfar cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair a fhreagraíonn don Léiriú Spéise seo freagra a thabhairt ar phróiseas tairisceana a bhfuiltear ag súil go reáchtáilfear i rith R3 de 2026 é, d'fhonn tús a chur le hoibríochtaí sa Bhanc i rith 2027.

## Gnéithe dóchúla a bheadh ag socrú léasa

- Léas ón Mhol Digiteach a mhairfeadh ar feadh suas le trí bliana a bheadh i gceist i dtús báire, faoi réir choinníollacha feidhmíochta a bhaineann leis an úsáid a bheartaíonn an tionónta a bhaint as an bhfoirgneamh.
- Dhéanfaí baill den Mhol Digiteach den tionónta agus dá fhoireann, díreach cosúil lenár dtionóntaí eile, rud a chuirfeadh ar a gcumas leas a bhaint as áiseanna agus imeachtaí eile a chuirtear ar fáil ar an gcampas.
- Beidh éarlais slándála, arb ionann í agus cíos dhá mhí mar aon le táillí seirbhíse, ag teastáil ag an tús.
- Ghearrfadh An Mol Digiteach táille mhíosúil a chuimsíonn cíos, táillí seirbhíse agus árachas foirgnimh móide CBL. B'ionann comhiomlán na dtáillí seo agus €60,000 in aghaidh na bliana ar a laghad.
- Bheadh an tionónta freagrach as rátaí Chomhairle Chathrach BÁC a íoc nó as díolúine a lorg.
- De bhreis air sin beidh an tionónta freagrach as billí leictreachais an fhoirgnimh.
- Clúdóidh na táillí seirbhíse deisiú agus cothabháil iomlán an fhoirgnimh, glanadh, slándáil (seachas imeachtaí poiblí), gnáth-Wifi agus seirbhísí eile a chuirtear ar fáil do gach ball den Mhol Digiteach.
- Cheadófaí don tionónta mionathruithe áirithe a dhéanamh ar an bhfoirgneamh ar a chostas féin, faoi réir chomhaontú roimh ré leis An Mol Digiteach.
- Rogha don Mhol Digiteach seachtainí áirithe a cheannach ar ais chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le féilte áitiúla amhail Féile na Saoirsí, Culture Date with Dublin 8 agus féile Beta ealaíne agus teicneolaíochta.

## An phróifíl is dócha a bheidh ag tionónta an Bhainc

(Tabhair faoi deara, agus úsáidí don Bhanc á mbreithniú agat, go bhfuil toilleadh uasta 50 duine ag aon am ar bith ann de bharr rialacháin sábháilteachta dóiteáin, ós rud é nach bhfuil ach bealach éalaithe tine amháin ann.)

- Eagraíocht chultúrtha, oideachais, phobail nó ghnó atá ann cheana féin, *nó cuibhreannas d'eagraíochtaí nó de dhaoine aonair a chuireann lena chéile* agus atá ag comhoibriú ar an tionscadal seo.
- Cuntas teiste a léiríonn gur caitheadh cúig bliana ar a laghad i mbun soláthar seirbhísí agus áiseanna a bhaineann leis an úsáid bheartaithe don Bhanc.
- Rún agus cumas *cuid nó an t-iomlán* de na nithe seo a leanas a sholáthar:
    - Gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna don phobal a chur i láthair.
    - Imeachtaí poiblí.
    - Tacaíocht do Thaighde, d'Fhorbairt, don Nuálaíocht (TFN) agus don chruthaitheacht.
    - Rud éigin nua nach bhfuil ar fáil i mBaile Átha Cliath faoi láthair, atá spreagtha, b'fhéidir, ag rud éigin cosúil leis atá ar fáil in áit eile in Éirinn nó thar lear.
    - Meascán de ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus tráchtála.
    - Deiseanna poist do shaoránaigh na háite.

## Conas do léiriú spéise a chlárú

**Céim a haon:** Seol ríomhphost, le do thoil, faoin teideal 'Rún freagairt don ghairm ar léirithe spéise maidir leis An Banc' (Intention to respond to The Bank EoI) chuig info@thedigitalhub.com ina dtugtar d'ainm agus ainm d'eagraíochta, faoi 6 i.n. Dé hAoine, an 5 Meitheamh 2026. Cuirfidh sé seo ar chumas an DHDA teagmháil a dhéanamh leat chun cuairt a shocrú ar An Banc go pearsanta i mí Bhealtaine nó i mí an Mheithimh.

**Céim a dó:** Ullmhaigh doiciméad PDF nach bhfuil níos mó ná 1500 focal ar fhad, ina dtugtar an fhaisnéis a iarrtar thíos agus seol é seo trí ríomhphost chuig info@thedigitalhub.com faoi 6 i.n. Dé hAoine an 28 Meitheamh 2026.

- Ainm d'eagraíochta nó d'eagraíochtaí agus/nó na ndaoine aonair a d'fhéadfadh cuibhreannas a bhunú chun tairiscint a dhéanamh don deis seo.
- Déan cur síos ar réimse d'eagraíochta – m.sh. Ealaín, Ceol, Teicneolaíocht, Sláinte, Turasóireacht, Miondíol, Oideachas srl.
- D'fhís don Bhanc agus an chaoi a dtabharfadh sé seo aghaidh ar riachtanas nach bhfuiltear ag freastal air i mBaile Átha Cliath fós.

- An taithí atá ag d'eagraíocht nó ag an gcuibhreannas i dtaobh seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar sa réimse seo.
- Na háiseanna agus na sócmhainní is féidir le d'eagraíocht a thabhairt don Bhanc.
- Líon na bhfostaithe i d'eagraíocht nó i do chuibhreannas chun gníomhaíochtaí a bhainistiú sa Bhanc.
- An chaoi a maoinítear d'eagraíochtsa faoi láthair.
- Do chumas, i bprionsabal, éarlais slándála agus an t-íosmhéid ar a laghad, de na táillí míosúla mar atá leagtha amach thuas a íoc.
- Cibé an mbeadh slí ann don Mhol Digiteach seachtainí a cheannach ar ais san bhfoirgneamh faoi chomhair féilte áitiúla ar ráta €1500 sa tseachtain, lena n-áirítear seachtain do Culture Date with Dublin 8 i mí Bhealtaine, seachtain d'Fhéile na Saoirsí i mí Iúil agus suas le trí seachtaine do Beta i mí na Samhna. Ba bhreá an rud é don Mhol Digiteach dá bhféadfaí é seo a shocrú ach ní bheadh sé éigeantach. Ar ndóigh, i gcás 'Culture Date with Dublin 8' agus 'Féile na Saoirsí', d'fhéadfadh deis a bheith ann cuspóir nua an Bhainc a nascadh leis an gclárú do na féilte seo.

## Na Chéad Chéimeanna eile

Tabharfaidh an DHDA admháil go bhfuarthas do ríomhphost tosaigh agus socróidh siad am duit cuairt a thabhairt ar An Banc go pearsanta i rith mhí Bhealtaine agus mhí an Mheithimh.

Tar éis togra 1500 focal a fháil uait faoi 6 i.n. ar an 28 Meitheamh 2026, cuirfidh an DHDA in iúl duit cé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar cuireadh duit tairiscint a dhéanamh ar léas an Bhainc tráth nach déanaí ná Dé hAoine an 31 Iúil 2026. Braitheann an t-aistriú go dtí an chéim tairisceana ar cháilíocht na dtograí a gheofar.

Má leanann an DHDA ar aghaidh chun cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí tairiscint a chur isteach, táthar ag súil go mbeidh an próiseas seo curtha i gcrích agus buaiteoir roghnaithe faoi Dé hAoine an 18 Meán Fómhair 2026.